# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 204

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 65

4 Lúnasa 2022


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1352 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2022 lena maolaítear i leith na bliana 2022 ar Airteagal 75(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe** ..... 1


III *Gníomhartha eile*

AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH


★ **Cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE Uimh. 010/22/COL an 26 Eanáir 2022 lena bhforlíontar na Treoirlínte maidir le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021 [2022/1353]** ..... 3


**Ceartúcháin**


★ **Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2021/1144 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine** (IO L 198, 27.7.2022) ..... 16

★ **Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1270 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin** (IO L 193, 21.7.2022) ..... 17

★ **Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2022/1272 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** (IO L 193, 21.7.2022) ..... 18


GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1352 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Lúnasa 2022**

**lena maolaítear i leith na bliana 2022 ar Airteagal 75(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 75(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 75(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ón 16 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas le 50 % a íoc le haghaidh íocaíochtaí díreacha faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus roimh an 1 Nollaig féadfaidh siad réamhíocaíochtaí suas le 75 % a íoc le haghaidh bearta tacaíochta a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(2) De dheasca na géarchéime a d'eascair as paindéim COVID-19 sna Ballstáit, bhí deacrachtaí tábhachtacha eacnamaíocha agus airgeadais ag feirmeoirí. I bhfianaise leochaileacht shonrach na n-oibreoirí eacnamaíocha sin agus chun iarmhairtí airgeadais agus sreafa airgid na géarchéime sin a mhaolú, le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/531 ([4]) agus (AE) 2021/1295 ([5]) ón gCoimisiún tugadh cead do na Ballstáit leibhéal níos airde réamhíocaíochtaí a íoc leis na tairbhithe le haghaidh na mblianta 2020 agus 2021 faoi seach. Ós rud é go bhfuil paindéim COVID-19 fós ann in 2022 agus go bhfuil aghaidh fós á tabhairt ag feirmeoirí ar shuaitheadh eacnamaíoch, suaitheadh a leagadh tuilleadh béime air de dheasca na n-iarmhairtí a bhí ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar earnáil an agraibhia, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit leanúint de réamhíocaíochtaí méadaithe a íoc i leith na bliana éilimh 2022.

---

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/531 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2020 lena maolaítear i leith na bliana 2020 ar an tríú fomhír d'Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe agus ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 75(2) den Rialachán sin a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí díreacha (IO L 119, 17.4.2020, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1295 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2021 lena maolaítear i leith na bliana 2021 ar an tríú fomhír d'Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe (IO L 282, 5.8.2021, lch. 3).

(3) Tá na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um na Cistí Talmhaíochta, ón gCoiste um Íocaíochtaí Díreacha agus ón gCoiste um Fhorbairt Tuaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 75(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, i leith na bliana éilimh 2022 féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas le 70 % a íoc le haghaidh na n-íocaíochtaí díreacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus suas le 85 % le haghaidh tacaíocht arna deonú faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Lúnasa 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

III

*(Gníomhartha eile)*

# AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

## CINNEADH Ó ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE Uimh. 010/22/COL

**an 26 Eanáir 2022**

**lena bhforlíontar na Treoirlínte maidir le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021 [2022/1353]**

Údarás Faireacháin CSTE ("GES"), AG féachaint do:

an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), go háirithe Airteagail 61 go 63 agus Prótacal 26,

an Comhaontú idir Stáit EFTA maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a bhunú ("an Comhaontú Faireacháin agus Cúirte"), go háirithe Airteagal 24 agus Airteagal 5(2)(b).

De bharr an mhéid seo a leanas:

Faoi Airteagal 24 den Chomhaontú Faireacháin agus Cúirte, is é is aidhm le GES éifeacht a thabhairt d'fhorálacha Chomhaontú LEE maidir le Státchabhair

Faoi Airteagal 5(2)(b) den Chomhaontú Faireacháin agus Cúirte, ní mór go n-eiseoidh GES fógraí nó treoirlínte ar ábhair a ndéileáiltear leo i gComhaontú LEE, má fhoráiltear amhlaidh go sainráite sa Chomhaontú sin nó sa Chomhaontú Faireachais agus Cúirte nó má mheasann GES gur gá sin.

An 16 Nollaig 2020, ghlac GES Cinneadh Uimh. 156/20/COL, lenar tugadh isteach Treoirlínte maidir le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021 ("Treoirlínte ETS GES") ([1]).

Comhfhreagraíonn na Treoirlínte seo do Threoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh ("an Coimisiún") maidir le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021, arna nglacadh an 21 Meán Fómhair 2020 ("Treoirlínte ETS an Choimisiúin") ([2]).

An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht lena bhforlíontar Treoirlínte ETS ("na Forlíontaí a ghabhann le Treoirlínte ETS an Choimisiúin") ([3]).

Tá na Forlíontaí a ghabhann le Treoirlínte CTA an Choimisiúin ábhartha freisin maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("an LEE").

Tá cur i bhfeidhm aonghnéitheach rialacha an LEE maidir le Státchabhair le háirithiú ar fud an LEE i gcomhréir le cuspóir na haonchineálachta a bhunaítear in Airteagal 1 de Chomhaontú LEE.

([1]) OJ L 130, 15.4.2021, p. 3 agus Forlíonadh LEE Uimh. 27, 15.4.2021, lch. 3.
([2]) OJ C 317, 25.9.2020,p. 5.
([3]) C (2021) 8413 final. Níor foilsíodh na Forlíontaí a ghabhann le Treoirlínte ETS an Choimisiúin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* go fóill.

Is iomchuí Treoirlínte CTA GES a fhorlíonadh i gcomhréir leis na Forlíontaí a ghabhann le Treoirlínte CTA an Choimisiúin ([4]).

Leis na forlíontaí reatha do Threoirlínte ETS de chuid GES, foráiltear do thosca maidir le ríomh na méideanna cúitimh do chostais indíreacha arna dtabhú ag na tairbhithe ó 2021 ar aghaidh agus is gnéithe tábhachtacha iad chun comhréireacht na mbeart cabhrach arna ndeonú faoi Threoirlínte GES a áirithiú agus dá bhrí sin, tá siad i gcomhréir le mír 65 de Threoirlínte GES, atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021.

Glacfaidh GES, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, gníomhartha a chomhfhreagraíonn do na gníomhartha a ghlac an Coimisiún, de réir mhír II faoin gceannteideal "GINEARÁLTA" d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Comhaontú LEE.

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dul i gcomhairle le Stáit CSTE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal aonair*

1. Le ESA, tugtar isteach Forlíontaí ar na Treoirlínte maidir le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021. Cuirtear na Forlíontaí i gceangal leis an gCinneadh seo agus tá siad ina gcuid dhílis de.

2. Cuireann GES na Forlíontaí i bhfeidhm ar a chuid Treoirlínte CTA le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

Rinneadh an cinneadh seo sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2022

*Thar ceann Údarás Faireacháin CSTE*

Arne RØKSUND
*Uachtarán*
*An Comhalta den Choláiste atá Freagrach*

Stefan BARRIGA
*Comhalta den Choláiste*

Árni Páll ÁRNASON
*Comhalta den Choláiste*

Melpo-Menie JOSÉPHIDÈS
*Ag comhshíniú di mar Stiúrthóir,*
*Gnóthaí Dlí agus Feidhmiúcháin*

---

([4]) Uimh. Doiciméid 1254304.

*IARSCRÍBHINN*

**Forlíontaí leis na Treoirlínte maidir le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021**

Forlíontar na treoirlínte maidir le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021 ([1]) mar seo a leanas:

(1) i bpointe 15, uimhir 15, cuirtear an figiúr "80" isteach in ionad an léirithe "[…]", agus cuirtear dhá mhír leis, chun go léifear foclaíocht reatha an tsainmhínithe sin mar a leanas:

'(15) ciallaíonn 'tagarmharc éifeachtúlachta ídithe leictreachais cúltaca' 80 faoin gcéad den ídiú leictreachais iarbhír, arna chinneadh le cinneadh GES in éineacht le tagarmharcanna éifeachtúlachta ídithe leictreachais. Freagraíonn sé don mheániarracht laghdaithe a fhorchuirtear trí chur i bhfeidhm na dtagarmharcanna maidir le héifeachtúlacht ídithe leictreachais (tomhaltas leictreachais tagarmhairc/meánídithe leictreachais). Cuirtear i bhfeidhm é maidir le gach táirge a thagann faoi réim na n-earnálacha incháilithe, ach nach bhfuil tagarmharc éifeachtúlachta ídithe leictreachais sainithe ina leith.

Déanfar an tagarmharc éifeachtúlachta ídithe leictreachais cúltaca a laghdú (amhail ó bhliain t = 2022) 1,09 % ar bhonn bliantúil, de réir na foirmle a bhunaítear in Iarscríbhinn II faoi 'Tagarmharcanna uasdátaithe éifeachtúlachta le haghaidh táirgí áirithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I'."

(2) i bpointe 28, pointe (b), forlíontar tuairisc an fhachtóra Ct arna úsáid san fhoirmle, chun go léifear foclaíocht reatha an phointe sin mar a leanas:

"(b) I gcás nach bhfuil tagarmharcanna éifeachtúlachta ídithe leictreachais a liostaítear in Iarscríbhinn II infheidhme maidir leis na táirgí a mhonaraíonn an tairbhí, is ionann an chabhair uasta is iníoctha in aghaidh na suiteála do na costais a thabhaítear i mbliain t agus:

Amaxt = Ai × Ct × Pt -1 × EF × AECt

San fhoirmle seo, is é AI an déine cabhrach, arna sloinneadh mar chodán (e.g. 0,75); Is é Ct an fachtóir astaíochtaí $CO_2$ is infheidhme nó an fachtóir astaíochtaí $CO_2$ margadhbhunaithe (TCO2/MWh) (ag bliain t); Is é Pt -1 agus réamhphraghas AAE ag bliain t-1 (EUR/tCO2); Is é EF an tagarmharc éifeachtúlachta ídithe leictreachais tacachumais mar a shainmhínítear i bpointe 15 uimhir 15.; agus is é AEC an t-ídiú leictreachais iarbhír (MWh) i mbliain t."

(3) sa tábla in Iarscríbhinn I, déantar an tuairisc ar an earnáil atá cumhdaithe le cód NACE 20.16.40.15 a chomhlánú/a fhorlíonadh, ionas go léifear an fhoclaíocht den tuairisc sin mar a leanas:

"Gliocóil phoileitiléine agus alcóil phoileistir eile, i bhfoirmeacha príomhúla"

(4) cuirtear isteach an Iarscríbhinn II seo a leanas:

([1]) OJ L 130, 15.4.2021, p. 1 agus Forlíonadh LEE Uimh. 27, 15.4.2021, lch. 3.

*"IARSCRÍBHINN II*

**Tagarmharcanna éifeachtúlachta ídithe leictreachais agus rátaí laghdaithe bliantúla do tháirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I**

— ***Tagarmharcanna maidir le héifeachtúlacht ídithe leictreachais do tháirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bhfuil inmhalartacht bhreosla agus leictreachais acu:***

Táirgí ar suíodh inmhalartacht breosla agus leictreachais ina leith i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331.

I Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 in Iarscríbhinn I, suitear, maidir le táirgí áirithe, go bhfuil inionadaíocht idir breosla agus leictreachas. Maidir leis na táirgí sin, ní iomchuí tagarmharc a shocrú ar bhonn MWh/t an táirge. Ina ionad sin, is iad na pointí tosaigh na cuaranna astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leith a dhíorthaítear le haghaidh na n-astaíochtaí díreacha. Maidir leis na táirgí sin, cinneadh na tagarmharcanna táirge ar bhonn shuim na n-astaíochtaí díreacha (ó astaíochtaí fuinnimh agus próisis), chomh maith le hastaíochtaí indíreacha a d'eascair as úsáid na coda idirmhalartaithe den leictreachas.

Sna cásanna sin, cuirfear an téarma seo a leanas in ionad an fhachtóra "E" san fhoirmle chun an chabhair uasta dá dtagraítear i bpointe 28(a) de na Treoirlínte seo a ríomh, téarma lena ndéantar tagarmharc táirge a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 a thiontú ina thagarmharc éifeachtúlachta ídithe leictreachais ar bhonn meánfhachtóir Eorpach astaíochta $CO_2$ 0,376 tCO2/MWh:

Tagarmharc táirge atá ann cheana ó roinn 2 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún (*) (in TCO2/t) × sciar d'astaíochtaí indíreacha ábhartha thar an tréimhse bhunlíne (%)/0,376 (TCO2/MWh).

Is féidir luach na dtagarmharcanna éifeachtúlachta do tháirgí a bhfuil a n–inmhalartacht breosla agus leictreachais atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2021–2025 a fháil i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 an 12 Márta 2021 lena gcinntear luachanna tagarmhairc athbhreithnithe le haghaidh lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce don tréimhse 2021 go 2025 de bhun Airteagal 10a(2) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

— ***Tagarmharcanna éifeachtúlachta le haghaidh táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I nach liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn seo***

Tá feidhm ag an tagarmharc éifeachtúlachta ídithe leictreachais cúltaca mar a shainmhínítear i bpointe 15 uimhir 15 de na Treoirlínte seo é maidir leis na táirgí incháilithe uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn I nach bhfuil tagarmharc éifeachtúlachta ídithe leictreachais sainithe ina leith.

— ***Tagarmharcanna éifeachtúlachta nuashonraithe le haghaidh táirgí áirithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I***

Liostaítear i dTábla 1 na luachanna tagarmhairc ba cheart a úsáid mar phointe tosaigh chun an tagarmharc éifeachtúlachta is infheidhme a chinneadh do bhliain shonrach, agus an ráta laghdaithe bliantúil comhfhreagrach á chur san áireamh.

Sa ráta laghdaithe bliantúil sin, déantar cur síos ar an méid a laghdófar na tagarmharcanna go huathoibríoch gach bliain. Ach amháin má shonraítear a mhalairt i dTábla 1, déanfar gach tagarmharc éifeachtúlachta (lena n-áirítear an "tagarmharc éifeachtúlachta ídithe leictreachais cúltaca") a laghdú 1,09 % (amhail ó bhliain t = 2022) ar bhonn bliantúil, de réir na foirmle seo a leanas:

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún an 12 Márta 2021 lena gcinntear luachanna tagarmhairc athbhreithnithe le haghaidh lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce don tréimhse ó 2021 go 2025 de bhun Airteagal 10a(2) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 87, 15.3.2021, lch. 29). Déantar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 a chorprú i gComhaontú LEE ag pointe 21alo d'Iarscríbhinn XX le Cinneadh Uimh. 221/2021 ón gComhchoiste LEE (nár foilsíodh fós)."

tagarmharc éifeachtúlachta is infheidhme i (bliain t) = luach tagarmhairc in 2021 × (1 + ráta bliantúil an laghdaithe)$^{\text{(bliain t-2021)}}$

*Tábla 1*

**Tagarmharcanna éifeachtúlachta ídithe leictreachais le haghaidh táirgí áirithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I**

| NACE4 | Tagarmharc táirge | Luach tagarmhairc in 2021 | Aonad tagarmhairc | Aonad táirgthe | Ráta laghdaithe bliantúil [%] | Sainmhíniú táirge | Próisis a chumhdaítear le tagarmharc táirge | Cód ábhartha Prodcom | Cur síos |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 17.11 | Laíon adhmaid ceimiceach | 0,904 | MWh/t 90 % sdt | Tona laín adhmaid cheimicigh | 1,09 | Laíon adhmaid ceimiceach, gráid dhíscaoilte | Gach próiseas atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh laín cheimicigh, lena n-áirítear triomú, níochán agus scagadh, agus tuaradh | 17.11.11.00 | Laíon adhmaid ceimiceach, gráid dhíscaoilte |
| 17.11 | Laíon adhmaid ceimiceach | 0,329 | MWh/t 90 % sdt | Tona laín adhmaid cheimicigh | 1,09 | Laíon adhmaid ceimiceach, sóid nó sulfáit, seachas gráid dhíscaoilte | | 17.11.12.00 | Laíon adhmaid ceimiceach, sóid nó sulfáit, seachas gráid dhíscaoilte |
| 17.11 | Laíon adhmaid ceimiceach | 0,443 | MWh/t 90 % sdt | Tona laín adhmaid cheimicigh | 1,09 | Laíon adhmaid ceimiceach, suilfít, seachas gráid dhíscaoilte | | 17.11.13.00 | Laíon adhmaid ceimiceach, suilfít, seachas gráid dhíscaoilte |
| 17.11 | Laíon adhmaid leathcheimiceach | 0,443 | MWh/t 90 % sdt | Tona laín adhmaid cheimicigh | 1,09 | Laíon adhmaid leathcheimiceach | | 17.11.14.00 | Laíon adhmaid meicniúil; laíon adhmaid leathcheimiceach laíon d'ábhar ceallalósach snáithíneach seachas adhmad |
| 17.11 | Laíon meicniúil | Cur chuige cúltaca | | | 1,09 | Laíon meicniúil | Gach próiseas nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh laín mheicniúil, lena n-áirítear cóireáil adhmaid, scagadh, níocháin, thuaradh, aisghabháil teasa | | |

| NACE4 | Tagarmharc táirge | Luach tagarmhairc in 2021 | Aonad tagarmhairc | Aonad táirgthe | Ráta laghdaithe bliantúil [%] | Sainmhíniú táirge | Próisis a chumhdaítear le tagarmharc táirge | Cód ábhartha Prodcom | Cur síos |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 17.11 | Páipéar athshlá-naithe | 0,260 | MWh/t 90% sdt | Tona de pháipéar athshlánaithe | 1,09 | Páipéar athshlánaithe | Gach próiseas a bhaineann go díreach nó go hindíreach le táirgeadh páipéir athshlánaithe, lena n-áirítear tiúchan agus scaipeadh, agus tuaradh | | |
| 17.11 | Páipéar athshlá-naithe dí-inbhainte | 0,390 | MWh/t 90% sdt | Tona de pháipéar athshlánaithe dí-inbhainte | 1,09 | Páipéar athshlánaithe dí-inbhainte | | | |
| 17.12 | Páipéar nuachtáin | 0,801 | Táirge MWh/t | Tona de pháipéar nuachtáin | 1,09 | Páipéar nuachtáin | Gach próiseas atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh páipéir, lena n-áirítear scagadh, fáisceadh agus triomú teirmeach | 17.12.11.00 | Páipéar nuachtáin |
| 17.12 | Mínphái-péar neamhbhra-taithe | 0,645 | Táirge MWh/t | Tona de pháipéar mín neamhbhra-taithe | 1,09 | Mínpháipéar neamhbhrataithe | | 17.12.12.00<br>17.12.13.00<br>17.12.14.10<br>17.12.14.35<br>17.12.14.39<br>17.12.14.50<br>17.12.14.70 | Mínpháipéar neamhbhrataithe |
| 17.12 | Páipéar mín brataithe | 0,538 | Táirge MWh/t | Tona de pháipéar mín brataithe | 1,09 | Páipéar mín brataithe | | 17.12.73.35<br>17.12.73.37<br>17.12.73.60<br>17.12.73.75<br>17.12.73.79<br>17.12.76.00 | Páipéar mín brataithe |
| 17.12 | Fíochán | 0,925 | Táirge MWh/t | Tona de pháipéar síoda | 1,09 | Fíochán | | 17.12.20.30<br>17.12.20.55<br>17.12.20.57<br>17.12.20.90 | Fíochán |
| 17.12 | Líneálach tástáilte agus cuisliú | 0,260 | Táirge MWh/t | Tona páipéir | 1,09 | Líneálach tástáilte agus cuisliú | | 17.12.33.00<br>17.12.34.00<br>17.12.35.20<br>17.12.35.40 | Líneálach tástáilte agus cuisliú |

| NACE4 | Tagarmharc táirge | Luach tagarmhairc in 2021 | Aonad tagarmhairc | Aonad táirgthe | Ráta laghdaithe bliantúil [%] | Sainmhíniú táirge | Próisis a chumhdaítear le tagarmharc táirge | Cód ábhartha Prodcom | Cur síos |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 17.12 | Clár cartáin neamhbhra-taithe | 0,268 | Táirge MWh/t | Tona cláir cartáin | 1,09 | Clár cartáin neamhbhrataithe | | 17.12.31.00<br>17.12.32.00<br>17.12.42.60<br>17.12.42.80<br>17.12.51.10<br>17.12.59.10 | Clár cartáin neamhbhrataithe |
| 17.12 | Clár cartáin brataithe | 0,403 | Táirge MWh/t | Tona cláir cartáin | 1,09 | Clár cartáin brataithe | | 17.12.75.00<br>17.12.77.55<br>17.12.77.59<br>17.12.78.20<br>17.12.78.50<br>17.12.79.53<br>17.12.79.55 | Clár cartáin brataithe |
| 20.13 | Aigéad sulfarach | 0,056 | Táirge MWh/t | Tona d'aigéad sulfarach | 1,09 | Aigéad sulfarach; oiléam | Na próisis go léir atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh aigéid shulfaraigh | 20.13.24.34 | Aigéad sulfarach; oiléam |
| 20.13 | Clóirín | 1,846 | Táirge MWh/t | Tona de chlóirín | 1,09 | Clóirín | Gach próiseas atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an aonad leictrealaithe, lena n-áirítear cúntóirí | 20.13.21.11 | Clóirín |
| 20.13 | Sileacan | 11,87 | Táirge MWh/t | Tona sileacain | 1,09 | Sileacan. Seachas na cinn a bhfuil 99,99 % ar a laghad de shileacan iontu de réir meáchain | Gach próiseas a bhaineann go díreach nó go hindíreach le táirgeadh sileacain | 20.13.21.70 | Sileacan. Seachas na cinn a bhfuil 99,99 % ar a laghad de shileacan iontu de réir meáchain |
| 20.13 | Sileacan | 60 | Táirge MWh/t | Tona sileacain | 1,09 | Sileacan. Seachas na cinn a bhfuil 99,99 % ar a laghad de shileacan iontu de réir meáchain | Gach próiseas atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an aonad leictrealaithe, lena n-áirítear cúntóirí | 20.13.21.60 | Sileacan. Seachas na cinn a bhfuil 99,99 % ar a laghad de shileacan iontu de réir meáchain |

| NACE4 | Tagarmharc táirge | Luach tagarmhairc in 2021 | Aonad tagarmhairc | Aonad táirgthe | Ráta laghdaithe bliantúil [%] | Sainmhíniú táirge | Próisis a chumhdaítear le tagarmharc táirge | Cód ábhartha Prodcom | Cur síos |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20.13 | Cairbíd sileacain | 6,2 | Táirge MWh/t | Tona de chomhdhúile sileacain | 1,09 | Sileacan. Cairbídí sileacain, cibé acu atá siad sainithe go ceimiceach nó nach bhfuil | Gach próiseas a bhaineann go díreach nó go hindíreach le táirgeadh aigéid shulfaraigh | 20.13.64.10 | Sileacan. Cairbídí sileacain, cibé acu atá siad sainithe go ceimiceach nó nach bhfuil |
| 24.10 | Bunchruach ocsaigine | 0,03385 | Táirge MWh/t | Tona amhchruach (teilgthe) | 0,60 | Amhchruach: cruach neamh-chóimhiotail arna táirgeadh trí phróisis eile seachas i bhfoirnéisí leictreacha | Miotalóireacht thánaisteach, ábhair chriartha, cúntóirí agus suiteálacha réitigh suas le scoitheadh amhtháirgí cruach | 24.10.T1.22 | Amhchruach: cruach neamh-chóimhiotail arna táirgeadh trí phróisis eile seachas i bhfoirnéisí leictreacha |
| 24.10 | | | | | | Amhchruach: cruach chóimhiotail seachas cruach dhosmálta a tháirgtear trí phróisis eile seachas i bhfoirnéisí leictreacha | | 24.10.T1.32 | Amhchruach: cruach chóimhiotail seachas cruach dhosmálta a tháirgtear trí phróisis eile seachas i bhfoirnéisí leictreacha |
| 24.10 | | | | | | Amhchruach: cruach dhosmálta agus theasdíonach arna táirgeadh trí phróisis eile seachas i bhfoirnéisí leictreacha | | 24.12.T1.42 | Amhchruach: cruach dhosmálta agus theasdíonach arna táirgeadh trí phróisis eile seachas i bhfoirnéisí leictreacha |
| 24.10 | Fearó-mhangai-néis | 2,2 | Táirge MWh/t | Fearó-mhangainéis ina bhfuil carbón de réir meáchain > 2 % | 2,03 | Fearó-mhangainéis, ina bhfuil carbón de réir meáchain > 2 %, le gráinniméadar <= 5 mm agus cion mangainéise de réir meáchain > 65 % | | 24.10.12.10 | Fearó-mhangainéis, ina bhfuil carbón de réir meáchain > 2 %, le gráinniméadar <= 5 mm agus cion mangainéise de réir meáchain > 65 % |

| NACE4 | Tagarmharc táirge | Luach tagarmhairc in 2021 | Aonad tagarmhairc | Aonad táirgthe | Ráta laghdaithe bliantúil [%] | Sainmhíniú táirge | Próisis a chumhdaítear le tagarmharc táirge | Cód ábhartha Prodcom | Cur síos |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 24.10 | | | | Fearó-mhangainéis ina bhfuil carbón de réir meáchain > 2 % | | Fearó-mhangainéis eile, a bhfuil 2 % carbóin ann de réir meáchain (seachas fearó-mhangainéis le gráinniméadar de <=5 mm agus > 65 % mangainéise inti de réir meáchain) | | 24.10.12.20 | Fearó-mhangainéis eile, a bhfuil 2 % carbóin ann de réir meáchain (seachas fearó-mhangainéis le gráinniméadar de <=5 mm agus > 65 % mangainéise inti de réir meáchain) |
| 24.10 | Fearó-mhangai-néis | 1,4 | Táirge MWh/t | Fearó-mhangainéis ina bhfuil carbón de réir meáchain <= 2 % | 1,09 | Fearó-mhangainéis eile a bhfuil níos lú ná 2 % de charbón iontu de réir meáchain nó cothrom leis sin | | 24.10.12.25 | Fearó-mhangainéis eile a bhfuil níos lú ná 2 % de charbón iontu de réir meáchain nó cothrom leis sin |
| 24.10 | Feireo-shileacón | 8,54 | Táirge MWh/t | Leasachán sileacain, ina bhfuil > 55 % de shileacan de réir meáchain | 1,09 | Leasachán sileacain, ina bhfuil > 55 % de shileacan de réir meáchain | | 24.10.12.35 | Leasachán sileacain, ina bhfuil > 55 % de shileacan de réir meáchain |
| 24.10 | Feireo-shileacón | Cur chuige cúltaca | | | 1,09 | | | 24.10.12.36 | Fearó-shileacain, ina bhfuil de réir meáchain <= 55 % sileacain agus >= 4 % ach <= 10 % de mhaignéisiam |
| 24.10 | Fearó-nicil | 9,28 | Táirge MWh/t | Fearó-nicil | 1,09 | Fearó-nicil | | 24.10.12.40 | Fearó-nicil |
| 24.10 | Fearósilea-camangai-néis | 3,419 | Táirge MWh/t | Fearósileaca-mangainéis | 1,12 | Fearósileacamangainéis | | 24.10.12.45 | Fearósileacamangai-néis |

| NACE4 | Tagarmharc táirge | Luach tagarmhairc in 2021 | Aonad tagarmhairc | Aonad táirgthe | Ráta laghdaithe bliantúil [%] | Sainmhíniú táirge | Próisis a chumhdaítear le tagarmharc táirge | Cód ábhartha Prodcom | Cur síos |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 24.42 | Alúmanam príomhúil | 13,90 | Táirge MWh/t | Alúmanam neamh-chóimhiotalach neamhshaoir-sithe | 0,25 | Alúmanam neamh-chóimhiotail neamhshaoirsithe ó leictrealú | Alúmanam neamh-chóimhiotail neamhshaoirsithe ó leictrealú lena n-áirítear aonaid rialaithe táirgeachta, próisis chúnta agus teach teilgthe. Plandaí anóide (réamh-chrith) san áireamh chomh maith. I gcás ina soláthraítear anóidí ó ghléasra neamhspleách san Aontas, níor cheart an gléasra sin a chúiteamh. Maidir le hanóid a tháirgtear lasmuigh den Aontas, féadfar ceartú a chur i bhfeidhm | 24.42.11.30 | Alúmanam neamh-chóimhiotalach neamhshaoirsithe (gan púdair agus calóga a áireamh) |
| | | | | | | | | 24.42.11.53 | Cóimhiotail alúmanaim neamhshaoirsithe sa bhunfhoirm (gan púdair agus calóga alúmanaim a áireamh) |
| | | | | | | | | 24.42.11.54 | Cóimhiotail alúmanaim neamhshaoirsithe (gan púdair agus calóga alúmanaim a áireamh) |
| 24.42 | Alúmana (mínghla-nadh) | 0,20 | Táirge MWh/t | alúmana | 1,11 | | Na próisis go léir atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh aigéid shulfaraigh | 24.42.12.00 | Ocsaíd alúmanaim (gan corandam saorga a áireamh) |
| 24.43 | Leictrealú since | 3,994 | Táirge MWh/t | sinc | 0,01 | Sinc phríomhúil | Gach próiseas atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an aonad leictrealaithe, lena n-áirítear cúntóirí | 24.43.12.30 | Sinc neamh-chóimhiotalach neamhshaoirsithe (gan deannach since, púdair ná calóga since a áireamh) |
| | | | | | | | | 24.43.12.50 | Cóimhiotail since neamhshaoirsithe (gan deannach since, púdair ná calóga a áireamh) |

| NACE4 | Tagarmharc táirge | Luach tagarmhairc in 2021 | Aonad tagarmhairc | Aonad táirgthe | Ráta laghdaithe bliantúil [%] | Sainmhíniú táirge | Próisis a chumhdaítear le tagarmharc táirge | Cód ábhartha Prodcom | Cur síos |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 24.44 | Copar scagtha neamh-shaoirsithe | 0,31 | Táirge MWh/t | Cóid chopair | 1,09 | Cóid chopair | Gach próiseas atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an bpróiseas scagtha leictrealaíoch, lena n-áirítear réitigh anóidí ar an láthair nuair is iomchuí | 24.44.13.30 | Copar scagtha neamh-chóimhiotalach neamhshaoirsithe (gan táirgí tiubhaithe rollta, easbhrúite nó gaibhnithe a áireamh);” |

(5) in Iarscríbhinn III, cuirtear na sonraí uimhriúla isteach sa tríú colún den tábla, sa chaoi go mbeidh foclaíocht reatha na hIarscríbhinne sin le léamh mar a leanas:

“

*IARSCRÍBHINN III*

**Uasfhachtóirí astaíochtaí $CO_2$ réigiúnacha i limistéir gheografacha éagsúla * ($tCO_2$/MWh)**

| Criosanna | | Fachtóir astaíochtaí $CO_2$ is infheidhme |
|---|---|---|
| Muir Aidriad | an Chróit, an tSlóivéin | 0,69 |
| An Ibéir | an Spáinn, an Phortaingéil | 0,53 |
| Muir Bhailt | an Liotuáin, an Laitvia, an Eastóin | 0,75 |
| Lár-Iarthar na hEorpa | an Ostair, an Ghearmáin, Lucsamburg | 0,72 |
| Nordach | an tSualainn, an Fhionlainn | 0,58 |
| an tSeicslóvaic | Poblacht na Seice, an tSlóvaic | 0,85 |
| an Bheilg | | 0,36 |
| an Bhulgáir | | 0,98 |
| an Danmhairg | | 0,52 |
| Éire | | 0,49 |
| an Ghréig | | 0,73 |
| an Fhrainc | | 0,44 |
| an Íoslainn *[1] | | […] |
| an Iodáil | | 0,46 |
| an Chipir | | 0,70 |
| an Ungáir | | 0,58 |
| Málta | | 0,40 |
| an Ísiltír | | 0,45 |
| an Iorua *[2] | | […] |
| an Pholainn | | 0,81 |
| an Rómáin | | 0,96 |

* Bunófar an limistéar geografach do Lichtinstéin agus an fachtóir astaíochta $CO_2$ is infheidhme ag céim níos déanaí.
*[1] Déanfar fachtóir astaíochta $CO_2$ is infheidhme maidir leis an Íoslainn a bhunú ag céim níos déanaí.
*[2] Déanfar fachtóir astaíochta $CO_2$ is infheidhme maidir leis an Iorua a bhunú ag céim níos déanaí.”

## CEARTÚCHÁIN

### Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2021/1144 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 198 an 27 Iúil 2022)*

Sa teideal i gClár an Ábhair agus sa teideal ar leathanach 17 agus sa síniú:

*in ionad:* “25 Iúil 2022”,

*léitear:* “26 Iúil 2022”.

**Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1270 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 193 an 21 Iúil 2022)*

Ar leathanach 162, in iontráil uimhir 1209 i gcomhair Alexander Anatolievich MAKSIMTSEV, sa triú colún dar teideal "Faisnéis chéannachta":

*in ionad:* "Áit bhreithe: Tokmak, Kirghiz SSR, iarUSSR (Russian Federation anois)",

*léitear:* "Áit bhreithe: Tokmak, Kirghiz SSR, iarUSSR (Kyrgystan anois)".

**Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2022/1272 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 193 an 21 Iúil 2022)*

Ar leathanach 162, in iontráil uimhir 1209 d'Alexander Anatolievich MAKSIMTSEV, sa tríú colún dar teideal "Faisnéis chéannachta"

*in ionad:* "Áit bhreithe: Tokmak, Kirghiz SSR, iarUSSR (Russian Federation anois)",

*léitear:* "Áit bhreithe: Tokmak, Kirghiz SSR, iarUSSR (Kyrgyzstan anois)".

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA